



Polasaí um Ghearáin i gColáiste Íde

Déanaimid ár ndícheall timpeallacht shábháilte agus shonasach a chur ar fáil do chách i gColáiste Íde; ach, ar a shon sin, ní hé sin le rá nach dtiocfaidh fadhbanna nó gearáin chun cinn ó am go h-am. Táimid tar éis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le gearáin, coimhlintí nó ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a leagadh síos. Déanfaidh an bhainistíocht a dícheall déileáil le hábhair dá leithéid ar bhealach rúnda agus tuisceanach. Déanfar imscrúdú ar aon bhuíon go ndéantar gearán ina leith. Is féidir le buíonta go n-éilítear orthu a bheith i láthair ag imscrúduithe ionadaí a bheith ina dteannta. Nuair a thagann críoch leis an imscrúdú cuirfear gach buíon ar an eolas faoi thorthaí an imscrúdaithe agus tabharfar an deis dóibh freagra a thabhairt ar na torthaí sin sula rachaidh an bhainistíocht i mbun gnímh ar leith. Tá cead achomhairc ann de réir prionsabail an cheartais aiceanta. Má chruthaítear gur gearán mailíseach a rinneadh is féidir gníomh dá réir a ghlacadh ina aghaidh sin.

Gearáin ag lucht foirne

Tabharfar aird dháiríre ar ghearáin agus déanfar gach iarracht iad a réiteach. Glacann an bainisteoir le ceisteanna nó ábhair imní ag an lucht foirne agus is féidir leo iad a phlé leis an mbainisteoir ag aon uair. Is cóir do gach ceann roinne ábhair imní a chur faoi bhráid na bainistíochta. Is féidir le ceann roinne nó leis an Déan Chónaithe déileáil le mionfhadhbanna ach ar a shon sin más fadhb thromchúiseach nó fadhb nach bhfuil réiteach uirthi atá i gceist, is nós imeachta é fógra a thabhairt don bhainisteoir agus caithfear tuairiscí nó taifid i scríbhinn a bhaineann leis an bhfadhb a sholáthar. Pléfidh an bainisteoir an fhadhb nó an t-ábhar imní leis an lucht foirne ábhartha, coimeádfar taifead i scríbhinn ina leith sin. Déanfar gearáin nach bhfuil réiteach orthu a chur faoi bhráid chathaoirleach an Bhord Iontaobhaithe a dhéanfaidh fochoiste a cheapadh chun déileáil leis an ngearán. Beidh sé de dhualgas ar lucht foirne bualadh leis an bhfochoiste agus is féidir leis an lucht foirne comhghleacaí nó ionadaí ceardchumainn a bheith in éineacht leo. Is cóir ábhair nach bhfuil réiteach orthu a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre.

Gearáin ag Daltaí

Tabharfar aird dháiríre ar ghearáin ó dhaltaí agus déanfar iad a imscrúdú. Glacann an bainistíocht le ceisteanna nó ábhair imní dhaltaí agus is féidir leo iad a phlé leis an mbainistíocht ag aon uair. Is féidir le daltaí mionghearáin a chur faoi bhráid an Dhéin Chónaithe a dhéileálfadh chomh tapaidh agus is féidir leis an ngearán; coimeádfar taifead i scríbhinn maidir leis an ngearán agus leis an ngníomh ar glacadh leis agus cuirfear toradh an réitigh in iúl don dalta. Caithfear fógra faoi ghearáin thromchúiseacha a chur faoi bhráid an bhainisteora, caithfidh an dalta tuairisc i scríbhinn maidir leis an ngearán a sholáthar, déanfar an gearán a imscrúdú, is féidir go gcuirfear fógra chuig tuismitheoirí agus nuair a bhíonn réiteach air cuirfear toradh an réitigh in iúl don dalta agus do na tuismitheoirí.

Gearáin ag Tuismitheoirí

Tabharfar aird dháiríre ar ghearáin ó thuismitheoirí agus déanfar iad a imscrúdú. Glacann an bainistíocht le ceisteanna nó ábhair imní Thuismitheoirí agus is féidir leo iad a phlé leis an

mbainisteoir ag aon uair. Is féidir le tuismitheoirí mionghearáin a chur faoi bhráid an Dhéin Chónaithe a dhéileálfaidh chomh tapaidh agus is féidir leis an ngearán; coimeádfar taifead i scríbhinn maidir leis an ngearán agus leis an ngníomh ar glacadh leis agus cuirfear toradh an réitigh in iúl don tuismitheoir. Caithfear fógra faoi ghearáin thromchúiseacha a chur faoi bhráid an bhainisteora, caithfidh tuismitheoir tuairisc i scríbhinn maidir leis an ngearán a sholáthar má iarrtar air, déanfar an gearán a imscrúdú agus cuirfear toradh an réitigh i scríbhinn chuig na tuismitheoirí.

Gearáin in aghaidh na foirne

Tabharfar aird dháiríre ar ghearáin a dhéantar in aghaidh na foirne scoile agus déanfar iad a imscrúdú. Déileálfaidh an bainistíocht le gearáin a dhéantar in aghaidh na foirne scoile; iarrfar ar an ngearánaí taifead i scríbhinn maidir leis an ngearán a sholáthar. Tabharfar fógra, ina sonraítear ábhar an ghearáin ann, don bhall foirne agus iarrfar tuairisc maidir leis an ngearán a chur faoinár mbráid. Is féidir go mbaileofar eolas ó fhoinsí eile mar fhinnéithe má bhaineann sé le hábhar. Déanfar anailís ar an eolas agus déanfar cinneadh maidir le conas ba chóir leanúint ar aghaidh leis an ábhar. Cuirfear toradh an réitigh in iúl don bhall foirne agus don ghearánaí araon. Tabharfar fógra láithreach bonn d'údaráis ábhartha más ábhar coiriúil atá i gceist.

Gearáin in aghaidh an lucht bainistíochta

Tabharfar aird dháiríre ar ghearáin a dhéantar in aghaidh an lucht bainistíochta agus déanfar iad a imscrúdú. Iarrfar ar an ngearánaí taifead i scríbhinn maidir leis an ngearán a sholáthar. Tabharfar fógra, ina sonraítear ábhar an ghearáin ann, don bhall bainistíochta agus iarrfar air tuairisc maidir leis an ngearán a chur faoinár mbráid. Is féidir go mbaileofar eolas ó fhoinsí eile mar fhinnéithe má bhaineann sé le hábhar. Déanfar anailís ar an eolas agus déanfar cinneadh maidir le conas ba chóir leanúint ar aghaidh leis an ábhar. Is féidir go rachaidh an bhainistíocht i mbun plé leis an ngearánaí in iarracht réiteach a fháil ar an ngearán. Mura bhfuil an gearánaí sásta leis an toradh is féidir leis gearán foirmiúil i scríbhinn a chur faoi bhráid chathaoirleach an Bhord Iontaobhaithe. Déanfaidh an Bord an gearán a phlé ag an gcéad chruinniú eile. Coimeádfar taifead i scríbhinn maidir leis an ngearán agus leis an ngníomh ar glacadh leis agus cuirfear toradh an réitigh in iúl don ghearánaí agus don bhainisteoir. Tabharfar fógra láithreach bonn d'údaráis ábhartha más ábhar coiriúil atá i gceist.